Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2752. Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S73/18

TO: SCHOOL AUTHORITY NAMED IN THE ADDRESS.

Leaving Certificate History

Arrangements for the presentation and assessment of the Research Study Report

A revised syllabus for Leaving Certificate History was introduced in September 2004 and was examined for the first time, in the Leaving Certificate examination of 2006.

Assessment arrangements are outlined in the *Leaving Certificate History Syllabus* and the accompanying *Guidelines for Teachers* which issued from the Department of Education and Skills in 2004. There are two assessment components at both Ordinary Level and Higher Level:

- A report on the research study, with a mark allocation of 20%
- A terminal examination, with a mark allocation of 80%

The purpose of this circular is to outline arrangements for the presentation and assessment of the Research Study Report (RSR). It should be read in the context of circulars S68/08 and S69/04, which set out the policy and practice of the State Examinations Commission (SEC) in relation to the assessment of practical coursework in the certificate examinations.

Candidates and teachers should consult the *Leaving Certificate History Syllabus* and *Guidelines for Teachers* for the general principles pertaining to the research study and advice on the preparation and presentation of the RSR.

Under the direction of their teacher, candidates should choose a subject of historical significance for their research study. It should be noted that, in view of the historical periods covered by the syllabus (i.e.: up to and including 1993 in the case of Ireland and up to and including 1992 in the case of Europe and the wider world), marks will not be awarded in the RSR for historical content more recent than 1993 in the case of Ireland or 1992 in the case of Europe and the wider world.

With regard to the length of the Extended Essay in the RSR, the following ranges will be deemed appropriate:

- Higher Level: 1200-1500 words
- Ordinary Level: 600-800 words.

Candidates should present the final version of the RSR in the official Reporting Booklet provided by the SEC. A supply of these booklets has issued to each school. Please ensure your school has a sufficient supply of booklets and if not notify the SEC immediately. **No additional booklets will issue after 31 December 2018**.Please note, there is a sample booklet available on our website which can be downloaded for **practice purposes** only, so please ensure it is not used to submit work to SEC as this work will be deemed invalid. To download go to www.examinations.ie/Examination Information Project, Practical Coursework and go to the section on History. The date for submission to the school authorities of completed RSRs is **3rd May 2019**.

On the date of completion, each candidate should be instructed to place his/her completed RSR into a candidate envelope, which the SEC will provide. The candidate will be required to put his/her candidate number on the cover of this envelope. The envelope, when sealed, should be handed by the candidate to the school authorities. RSRs should be retained securely in schools until the day of the written examination in June, when the centre superintendents will associate them with candidates' written scripts for transmission to the SEC headquarters in Athlone. No additions or inserts should be included in the RSR booklet.

N.B. **Material on the Outline Plan and the Evaluation of the Sources should be written on the appropriate pages. Marks will not be awarded for such material written elsewhere on the booklet.** The candidate's attention should be drawn to this.

Importance of ensuring that RSR is the candidate's individual work

RSR submissions will only be accepted for assessment if the school authorities have certified on forms to be provided by the SEC, that they are the candidates' own individual work. A candidate is required to sign Form P.2 as a declaration that the submitted RSR is his/her own individual, original work and was completed under the supervision of a teacher as indicated in the *Leaving Certificate History Syllabus* and *Guidelines for Teachers*. Form P.2 must also be signed by the teacher and the school principal as confirmation of the authenticity of the RSR submitted. The attention of all candidates and their teachers should be drawn to circular S69/04.

Any incidence of suspected copying, improper assistance from another party, plagiarism or procurement of pieces prepared by another party will be thoroughly investigated. Candidates should be advised of the penalties that may be applied under the *Rules and Programme for Secondary Schools*, which include loss of the subject, loss of the entire examination in all subjects, and being debarred from the Certificate Examinations in future years.

Candidates should keep notes and rough drafts which were prepared as part of the research process. Tapes and/or transcripts of oral history interviews, where undertaken, should also be retained. Candidates should retain such material until the appeals process has concluded. It should be made available to staff of the SEC where it is deemed necessary to establish the authenticity of a candidate's work.

On the cover of the RSR booklet the candidate should put the year of submission, his/her examination number and the level (Higher or Ordinary) for which he/she intends to present, and the number of words in the extended essay. On the inside cover the candidate should put the full title and date parameters of the RSR.

Within the RSR booklet candidates should present their work under the following headings:

- *Outline Plan* will define and justify the proposed subject of study, identifying the aims, intended approach and sources to be consulted (15 marks).
- *Evaluation of Sources* will indicate the relevance of the sources to the subject of the study and comment on their strengths and weaknesses (25 marks).
- *Extended Essay* will relate the results of the research in the form of a historical essay and review how the research process fulfilled the Outline Plan (60 marks).

Where candidates are citing written sources, they should give the author's name, the title of the book or article, and the name of the publisher and date of publication. Where candidates wish to refer to an internet site, there should be enough accurate detail to enable the examiner to authenticate the reference. It is recommended that they should supply the author's name, the title of the page or article, the date it was written (if available), the website address or URL and the date on which the material was read or downloaded.

Examination requirements for Repeat Leaving Certificate History Candidates

Candidates repeating the Leaving Certificate History examination in 2019 will be required to both sit the written examination and submit an RSR. The RSR must explore new material and must not have been submitted for examination previously.

DIGITAL VERSIONS

The SEC will, on request, provide a digital version of the coursework booklet for completion by candidates approved for the use of a Word Processor in the certificate examinations. Schools should e-mail dcb@examinations.ie providing the candidate's details, name PPSN and date of birth. Once the SEC is satisfied as to the eligibility of the candidate, the digital version will issue by e-mail. The digital version is for use by eligible candidates only and its use by ineligible candidates will constitute a breach of regulations.

Answering through Irish

Please note that, in keeping with all other examinations that have components other than the formal written examination, bonus marks will not be awarded to any RSR submission completed in Irish.

Please bring this circular to the attention of all teachers of Leaving Certificate History in your school.

Please provide a copy of this circular to the appropriate representative of parents and teachers, for transmission to individual parents and teachers.

Finbarr Connolly
Executive Officer
October 2018

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2752. Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S73/18

CHUIG: ÚDARÁS NA SCOILE ATÁ AINMNITHE SA SEOLADH

Stair na hArdteistiméireachta

Socruithe maidir le cur i láthair agus measúnacht ar an Tuarascáil ar an Staidéar Taighde

Tugadh isteach siollabas leasaithe do Stair na hArdteistiméireachta i Meán Fómhair, 2004 agus scrúdaíodh den chéad uair é i scrúdú na hArdteistiméireachta i 2006.

Tá na socruithe measúnachta rianaithe i *Siollabas Staire na hArdteistiméireachta* agus sna *Treoirlínte do Mhúinteoirí* a ghabhann leis agus a eisíodh ón Roinn Oideachais agus Scileanna i 2004. Tá dhá chomhpháirt mheasúnachta ann ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal araon:

- Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a ngabhann alúntas marcanna 20% leis
- Scrúdú Ceann Cúrsa, a ngabhann alúntas marcanna 80% leis

Rianaíonn an ciorclán seo na socruithe maidir le cur i láthair agus measúnacht ar an Tuarascáil ar an Staidéar Taighde (TST). Is cóir é a léamh i gcomhthéacs na gciorclán S68/08 agus S69/04, a leagann amach polasaí agus cleachtas Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) maidir le measúnacht ar obair chúrsa phraiticiúil sna scrúduithe teistiméireachta.

Is cóir d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí an chomhairle atá i *Siollabas Staire na hArdteistiméireachta* agus sna *Treoirlínte do Mhúinteoirí* a leanúint maidir leis na prionsabail ghinearálta a bhaineann le staidéar taighde agus maidir leis an TST a ullmhú agus a chur i láthair.

Ba chóir d'iarrthóirí, faoi stiúir an mhúinteora, ábhar suntasach ó thaobh na staire de a roghnú dá staidéar taighde. Mar gheall ar na tréimhsí staire atá i gceist faoin siollabas (i.e. suas go dtí 1993 agus an bhliain sin san áireamh i gcás na hÉireann agus suas go dtí 1992 agus an bhliain sin san áireamh i gcás na hEorpa agus an domhain mhóir), is cóir a nótáil nach mbronnfar marcanna ar an TST ar ábhar staire níos déanaí ná 1993 i gcás na hÉireann ná 1992 i gcás na hEorpa agus an domhain mhóir.

Maidir le fad na hAiste Fada san TST, is iad na réimsí seo a leanas atá i gceist:

- Ardleibhéal: 1200 – 1500 focal
- Gnáthleibhéal: 600 – 800 focal

Ba chóir d'iarrthóirí an leagan deireanach den TST a chur i láthair sa Leabhrán Tuarascála oifigiúil a chuireann CSS ar fáil. Tá soláthar de na leabhráin seo curtha ar fáil do gach scoil Déanaigí cinnte de, le bhur dtoil, go mbeidh bhur ndóthain cóipeanna den leabhrán ag an scoil. Mura bhfuil, gabhaigí i dteagmháil le CSS láithreach. **Ní chuirfear amach a thuilleadh leabhrán tar éis 31 Nollaig 2018.** Tá leabhrán samplach ar fáil ar an suíomh gréasáin againn agus is féidir é a chóipeáil anuas, **mar mhaithe le cleachtadh amháin**. Déan deimhin de nach mbainfear úsáid as le hobair a chur isteach chuig CSS nó measfar an obair a bheith neamhbhailí. Is féidir an leabhrán samplach a chóipeáil anuas ó rannóg na Stair ar an suíomh gréasáin www.examinations.ie/Eolas faoi Scrúduithe/Obair Chúrsa Phraiticiúil. Is é an spriocdháta chun an TST a thabhairt ar láimh do na húdaráis scoileanna ná **3 Bealtaine 2019**.

Ar an dáta sin is cóir treoir a thabhairt do gach iarrthóir a TST críochnaithe a chur isteach i gclúdach iarrthóra, a chuirfidh an CSS ar fáil. Ní mór don iarrthóir a (h)uimhir iarrthóra a chur ar chumhdach an chlúdaigh. Nuair atá an clúdach faoi shéala, is cóir don iarrthóir é a thabhairt ar láimh do na húdaráis scoile. Is cóir na TSTanna a choimeád slán sábháilte sna scoileanna go dtí lá an scrúdaithe scríofa i mí an Mheithimh, nuair a dhéanfaidh na Feitheoirí ionad iad a chomhcheangal le scripteanna scríofa iarrthóirí le cur ar aghaidh go dtí ceannáras an CSS i mBaile Átha Luain. Níor chóir aon bhreiseanna ná iatáin a chur isteach in éineacht leis an leabhrán TST.

N.B. **Ba chóir ábhar a bhaineann leis an bPlean Imlíneach nó leis an Meastóireacht ar na Foinsí a bheith scríofa ar na leathanaigh chuí. Ní bhronnfar marcanna ar bith ar a leithéid d'ábhar atá scríofa in áit ar bith eile sa leabhrán.**
Ba chóir aird na n-iarrthóirí a dhíriú air sin.

<u>An tábhacht a bhaineann lena dheimhniú gur obair indibhidiúil an iarrthóra féin atá san TST</u>

Glacfar le tuarascálacha TST le haghaidh measúnachta i gcás go ndeimhneoidh na húdaráis scoile ar fhoirmeacha a chuirfidh an CSS ar fáil, gurb í obair indibhidiúil na n-iarrthóirí féin atá iontu. Is iad sin amháin a nglacfar leo. Tá sé riachtanach go síneodh gach iarrthóir Foirm P.2 á dhearbhú gur leis/léi féin amháin an bhunobair TST agus gur cuireadh i gcrích í faoi mhaoirseacht mhúinteora mar atá tugtha le fios i *Siollabas Staire na hArdteistiméireachta* agus sna *Treoirlínte do Mhúinteoirí.* Ní mór don mhúinteoir agus don phríomhoide scoile an Foirm P.2 a shíniú freisin mar dheimhniú ar bharántúlacht an TST a cuireadh isteach. Is cóir aird na n-iarrthóirí ar fad agus a gcuid múinteoirí a tharraingt ar chiorclán S69/04.

Déanfar fiosrú iomlán i dtaobh aon eachtra ina bhfuil amhras maidir le cóipeáil, cúnamh míchuí ó pháirtí eile, bradaíl nó dréachtaí atá ullmhaithe ag páirtí eile a sholáthar. Is cóir na pionóis is féidir a ghearradh de réir *Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna* a chur ar a súile d'iarrthóirí, pionóis ar a bhfuil cailliúint an ábhair, cailliúint an scrúdaithe ar fad i ngach ábhar, agus a bheith dícheadaithe sna Scrúduithe Teistiméireachta sa todhchaí.

Is cóir d'iarrthóirí dréachtaí garbha agus nótaí a ullmhaíodh le linn na hoibre ar an bpróiseas taighde, a choimeád. Is cóir téipeanna agus/nó taifid a trascríobhadh ó agallaimh stair bhéil, nuair is ann dóibh, a choimeád freisin. Is cóir d'iarrthóirí, ábhar dá leithéid a choimeád go dtí go mbeidh an próiseas achomharc curtha i gcrích. Is cóir é a chur ar fáil freisin d'fhoireann an CSS nuair a mheastar gur gá a leithéid chun barántúlacht obair iarrthóra a dheimhniú.

Is cóir don iarrthóir, bliain an scrúdaithe, a (h)uimhir scrúdaithe, an leibhéal (Gnáth nó Ard) a bhfuil sé ar intinn aige/aici cur isteach air, agus líon na bhfocal san Aiste Fhada a chur ar chlúdach an leabhráin TST. Is cóir don iarrthóir teideal iomlán agus an réimse dátaí a bhaineann leis an TST a chur ar an taobh istigh den chlúdach.

Taobh istigh den leabhrán TST féin, ba chóir d'iarrthóirí a gcuid oibre a chur i láthair faoi na ceannteidil seo a leanas:

- *Plean Imlíneach*: saineoidh sé seo agus tabharfaidh sé bunús don ábhar staidéir atá molta, agus sonróidh sé na haidhmeanna, an cur chuige atá i gceist agus na foinsí atá le húsáid (15 marc).

- *Meastóireacht ar na Foinsí*: tabharfaidh sé seo le fios cén bhaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir agus luafaidh sé na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann leo (25 marc).

- *Aiste Fhada*: tráchtfaidh an aiste seo ar thorthaí an taighde, mar aiste staire, agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an gcaoi ar chomhlíon an próiseas taighde an Plean Imlíneach (60 marc).

I gcás go luann iarrthóirí foinsí scríofa, ba chóir dóibh ainm an údair, agus teideal an leabhair nó an ailt a thabhairt, mar aon le hainm an fhoilsitheora agus dáta a fhoilsithe. I gcás gur mian le hiarrthóirí tagairt do shuíomh idirlín, ba chóir go mbeadh go leor sonraí cruinne ann ionas go bhféadfadh an scrúdaitheoir an tagairt a dheimhniú. Moltar gur chóir dóibh ainm an údair a thabhairt, agus teideal an leathanaigh nó an ailt, an dáta ar scríobhadh é (má tá sé ar fáil), an seoladh atá ag an suíomh gréasáin nó URL agus an dáta ar léadh an t-ábhar nó ar dearnadh íoslódáil air.

Riachtanais Scrúdaithe d'Iarrthóirí Stair na hArdteistiméireachta an Athuair

Beidh ar iarrthóirí atá ag déanamh Stair na hArdteistiméireachta an athuair i 2019 an scrúdú scríofa a dhéanamh agus TST a chur isteach. Ní mór don TST plé le hábhar nua agus ní cheadaítear é bheith istigh ar scrúdú roimhe sin.

LEAGANACHA DIGITEACHA

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leagan digiteach den leabhrán obair chúrsa ar fáil le comhlánú, ach é a lorg, d'iarrthóirí ar tugadh cead dóibh Próiseálaí Focal a úsáid sna scrúduithe teistiméireachta. Ba cheart d'údaráis scoileanna ríomhphost, le sonraí an iarrthóra ann, ainm, UPSP, agus dáta breithe, a sheoladh chuig dcb@examinations.ie. A luaithe a mbeidh CSS sásta faoi cháilitheacht an iarrthóra, déanfar leagan digiteach, a eisiúint ar ríomhphost. Iarrthóirí incháilithe amháin a úsáidfidh an leagan digiteach; sárú rialacha a bheadh ann i gcás iarrthóirí eile neamhcháilithe a dhéanfadh iarracht leagan digiteach a úsáid.

Ag freagairt trí Ghaeilge

Bíodh a fhios agat, le do thoil, nach mbronnfar aon mharcanna bónais ar thuarascáil TST a chuirfear i gcrích i nGaeilge, mar is amhlaidh an cás i ngach scrúdú eile ina bhfuil comhpháirteanna seachas an scrúdú scríofa foirmeálta.

Cuirtear an ciorclán seo, le do thoil, ar aird gach múinteoir atá ag plé le Stair na hArdteistiméireachta sa scoil agat.
Cuir, le do thoil, cóip den chiorclán seo ar fáil d'ionadaí cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí, lena seoladh ar aghaidh go dtí tuismitheoirí agus múinteoirí indibhidiúla.

Finbarr Connolly
Oifigeach Feidhmiúcháin
Deireadh Fómhair 2018